


22/05/2026

# SCÉALTA SCOILE

A Thuismitheoir,

Chuaigh roinnt ranganna isteach go Páirc Ghleann na Trá Móire maidin Dé Luain ag tabhairt tacaíochta do Jordan agus Cian Adams atá ag tabhairt faoi 32 maratón a rith laistigh de 32 lá ar son @theftdbrothersfoundation.

Ghlac Rang 6 páirt sa Spash agus Dash ar an lá céanna i linn snámha na Dúglaise. Bhí turas eile acu go Coláiste na hOllscoile ar an gCéadaoin a bhuíochas sin le Muintir Rae.

Chuireamar fáilte roimh ár bpáirtithe Erasmus ar an Máirt. Fuaireadar blaiseadh den amhránaíocht álainn ón gcór sóisir agus ceol aoibhinn ón mbanna ceoil. D’imigh an gairdín i bhfeidhim go mór orthu. Tá timpeallacht aláinn againn sa scoil. Táimid faoi chomaoin ag ar bhfeighlí Nick agus ag an meitheal múinteoirí a fhanann siar chun cruth aoibhinn a chur ar an áit.




Go n-eirí le Rang 2 amárach agus An Chéad Chomaoineach ar siúl acu. Tá obair iontach déanta acu le roinnt seachtainí anuas. Míle buíochas leis na múinteoirí, cuntóirí agus Emma agus Nichola as an dtacaíocht ar fad.

Míle buíochas le gach éinne atá ag cabhrú linn le Feachtas Eimear. Is duine ar leith í Eimear Nic Aindriú agus is pribhléid dúinn tacaíocht a thabhairt di.




Táimid ar bís faoin Aoine seo chugainn.  Táimid gnóthach i mbun ceardaíochta  agus ag cumadh cantaireachtaí faoi láthair chun tacú lenár mbuachaillí ag craobh Sciath na Scol. Imreoidh na buachailli ag 10.00. Táimid an-bhródúil as ár n-imreoirí óga, agus tá súil againn go mbeidh go leor agaibh linn Dé hAoine.  Bígí ag faire amach ar na meáin shóisialta le haghaidh gach dea-mhéine dár bhfoirne. Ár míle buíochas le Múinteoirí Harry agus Eoin a thug na huaireanta chloig dá gcuid ama féin i mbun traenála. Ná dearmadaigí suíochán sa bhus a chur in áirithe ar Aladdin.

Niamh Ní Mhaoláin



22/05/ 2026

# SCÉALTA SCOILE






Dear Parents,

Several classes headed to Tramore Valley Park on Monday morning to support Jordan and Cian Adams who are attempting to run 32 marathons in 32 days for the @theftdbrothersfoundation.

Rang 6 took part in the Spash and Dash on the same day in Douglas swimming pool. They had another trip to the labs in UCC on Wednesday thanks to Muintir Rae.

We welcomed our Erasmus partners on Tuesday. They enjoyed the beautiful singing from the junior choir and the lovely music from the band. They really enjoyed the garden. We have a beautiful environment in the school. We are indebted to our caretaker Nick and the team of teachers who stay behind to make the place look lovely.

Good luck to Rang 2 tomorrow as they receive their First Communion. They have done a lot of work over the past few weeks. Many thanks to their teachers, sna's and Emma and Nichola for all their support.

Many thanks to everyone who is helping us with our 'Eimear Campaign'. Eimear Nic Aindriú is a special person and past pupil and it is a privilege for us to be in a position to support her.

We are excited about next Friday. We are currently busy crafting and composing songs to support our boys at Sciath na Scol. The boys will play at 10.00am. We are very proud of our young players, and we hope that many of you will be with us on Friday. Keep an eye on social media for all the well wishes for our teams. A big thank you to Múinteoirí Harry and Eoin who gave up hours of their own time to train. Don't forget to book a seat on the bus through Aladdin.

Have a good weekend

Niamh Ní Mhaoláin